

AMHRÁN A CHOILIGH.

Trathnona deirneach dhom is mé teacht ó chuartuigheacht
Ní fada chuaidh mé nuair a bhain a géim
Chuir mé laidin air dhen cheist cruaidhe
A chuirfheadh ruaig ar an-spioraid fhéin
Éinín beannuighthe mé tá ar fuaidreadh
Cuireadh ruaig orm ó mo mhuintir fhéin
Shál i Sasana fuair mé ar stage é
'S é troid le game ar a nGearmáin
Cúig míle fhichead abhí curtha an aonfheact
'S gur ghnóthaigh se'n méid sin le aon bhuille amháin

Tháinig oifigeach is chuir sé cainnt air
Cé as ar ghluais tú no cáil do phor
As Baile Uí Liath Charraig seadh ghluais mé tar sáile
'S mé bheathadh i ngáirdín an ghleanna mhóir

Bhí spuir airgid air deanta ó'n gcearta
'S a chapall táirní faoi na thóin
Thiubhrfhá an leabhar go b'é Bonaparte é
No Fionn Mac Cumhail no Gag ina Gag

Micheal 'Ac Fhualáin (Micheál Marcuis) a rinne an tamharán seo. Daoine a d'ímtigh as teach agus a dfág an coileach ina ndiadh ann, bhíodh an coileach a glaidheach san oidhche agus ceap Míchéal go dtáinig sé fhéin a cainnt leis leis ansoin. Bhíodh pirseogaí ag daoine fado nuair a dfágfhaidis teach coileach ná cut ná rud a bith nach leanfhadh iad dfagaidís ina ndiadh é.

22/2/35.

Bhí fear i Roisín na mBan lach a raibh Mike Ó Coráin air. Bhíodh sé a gcomhnuidhe ag imteacht a fiadhach. Bhí sé ansoin a caitheadh anuas ar dhaoineibh bhíodh a badóireacht agus a ceapadh go mbearr a fear é fhein ná iad. Rinneadh amharán ansoin faoi:-

Dhá bhfeicfeá Mike Ó Coráin is é cáineadh lucht báid mhór
Go mba mhaith a rud é gírrfhiadh (deir sé) le bruth i bpota gróts
Níl faitchios a bith ormsa (deir sé) nach ngléisfidh mé mo stór
Mar beidh craiceann an mhada ceanainn faoi na muineál ag a gceól

Dhá bhfeicfeá Mike Ó Coráin is é dul isteach go Fíodh Innis
Léime dhen tseas tosuigh 'gus a teacht ar ais aríst air
A Labhcáis mhór 's tú dfailligh orm (deir sé) 'gus mise fhéin a blaoghach ort
Madar uisge i dteannta i scailp agam go dteighfheá 'g iarraidh Spring dhom

Bhuail sé leis go tapaídh ón ngarraidhe leacras go druim Shídnach
Níor fhag sé poll na scailp (ann) nar leig sé fead is chinn sé air fein spring fhághail

A Draigneán Donn - deich gceatramhadh o cheara
amhrán Mhicil Bháin – cheithre cheathramadh déug.
Deir Micilín go bhfuil siad measguithe.

Tá dhá chloch mhóra ceann i gCois Fharrige agus ceann i gCeann Bóirne. Chaith dhá
chailleach le chéile iad. Cloch aoil atá i gCois Fharraige agus cloch eidhibhir (no cloch ghlas)
thall.

? a bhfuil an tamharán seo sgríobhtha ag S Mac G. "Amhrán Árainn"

Amharán A Rísti

Amharán Mháirtín Bhreathnaigh

Úna Bháin

Sgéul a Tairbh

Sgéul "Cut Bhaile Uí Lí" le sgríobh fos

Toradh Uí Bhrian

An Doctúr Áluinn

Sabha is Domhnall

Sgéul fada eile

"Cúl leRaith

Sgéul nach ninnseóchaidh mé go bráthach a d'eirigh suas dhom fhéin ó thosuigh mé

`ginnseacht na sgéulta.

Sgéul Mac Riobaird"

Sala na Marbh

Laoigh cúchulainn Sgríobhtha ag S Mac G.

Truic=Plan